CABHAIR DHAONNÚIL

Tá an chabhair dhaonnúil mar chuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a fhreagraíonn do riachtanais i gcás tubaistí nádúrtha nó tubaistí de dhéantús an duine. Maoiníonn an Ard-Stiúrthóireacht um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta sa Choimisiún (AS ECHO) oibríochtaí fóirithinte agus comhordaíonn sí beartais agus gníomhachtaí na mBallstát. Gníomhaíonn an Pharlaimint agus an Chomhairle mar chomhreachtóirí chun beartas an Aontais i réimse na cabhrach daonnúla a mhúnlú agus chun páirt a ghlacadh sna díospóireachtaí domhanda ar ghníomhaíocht dhaonnúil níos éifeachtaí.

AN BUNÚS DLÍ

Leagann Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) amach na prionsabail le haghaidh gach uile ghníomhaíocht sheachtrach de chuid AE (cludaíonn Airteagal 21(2)(g) gníomhaíocht dhaonnúil).

Is é Airteagal 214 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí don chabhair dhaonnúil.

Is é Airteagal 214(5) an bunús dlí chun an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil a chruthú.

CREAT RIALÁLA AGUS BEARTAIS

Leagann Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meithimh 1996 (an Rialachán Cabhrach Daonnúil) amach na rialacha maidir le soláthar na cabhrach daonnúla, a hionstraimí airgeadais san áireamh. Níor leasaíodh an rialachán sin nuair a leasaíodh ionstraimí eile ó bhonn chun ullmhú do chreat airgeadais ilbhliantúil 2007-2013.

Tá an creat beartais foriomlán maidir le cabhair dhaonnúil leagtha amach sa ‘Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil’ (2007), atá sínithe ag na trí phríomhinstitiúid de chuid AE (an Coimisiún, an Chomhairle agus an Pharlaimint). Is é an Comhdhearcadh a shainíonn fís chomhroinnte AE, cuspóirí beartais agus prionsabail ar go leor ábhar, lena n-áirítear: comhar daonnúil idirnáisiúnta; dea-dheontóireacht; laghdú riosca agus ullmhacht; cosaint shibhialta; agus an caidreamh sibhialta-mhíleata. Athdhearbhaíonn an Comhdhearcadh na ceithre phrionsabal dhaonnúla: an daonnacht, neodracht, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas. Forálann an téacs do chur chuige níos comhordaithe agus níos comhleanúnaí maidir le cabhair a sheachadadh, ag nascadh cabhair dhaonnúil agus cabhair um fhorbairt

chun go mbeidh AE in ann freagairt ar bhealach níos éifeachtaí do na riachtanais atá ag dul i méid.

Rialaíonn cinneadh 2019 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta gníomhaíocht AE sa réimse sin. Déanann sé mionathrú ar chinneadh ó 2013 a bhain le cosc, ullmhacht, freagairt agus forálacha airgeadais. Bunaíonn an rialachán ó 2016 maidir le tacaíocht éigeandála a sholáthar laistigh den Aontas na cúinsí faoinar féidir leis na Ballstáit iarratas a dhéanamh ar thacaíocht ó AE. Leagann sé amach na gníomhaíochtaí ar féidir tacaíocht a fháil lena n-aghaidh agus na cineálacha idirghabhála airgeadais.

ECHO

A. Forléargas agus tionchar

Leithdháileadh EUR 7.1 billiún ar an ionstraim um chabhair dhaonnúil don tréimhse 2014-2020. Leithdháiltear EUR 11 bhilliún ar an gcabhair dhaonnúil sa togra ón gCoimisiún maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027. Is é AE an deontóir cabhrach daonnúla is mó ar domhan agus is é a thugann formhór an chistiúcháin dhomhanda le haghaidh faoiseamh éigeandála do dhaoine atá buailte ag tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine. Tagann cuid den mhaoiniú sin go díreach ó na Ballstáit, ach tagann sciar mór de ó bhuiséad AE. Is í an Ard-Stiúrthóireacht um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta (AS ECHO) sa Choimisiún atá freagrach as cabhair dhaonnúil agus as cosaint shibhialta. Tá cabhair dhaonnúil AE dírithe ar bhia agus cothú, foscadh, cúram sláinte, uisce agus sláintíocht agus oideachas i gcásanna éigeandála. Is é Janez Lenarčič an Coimisinéir um Bainistiú Géarchéime faoi láthair.

Tá fás tagtha ar ECHO thar na blianta agus tá foireann áitiúil aige i níos mó ná 40 oifig allamuigh. Ní chuireann sé féin an clár um chúnamh daonnúil i bhfeidhm; ina ionad sin, maoiníonn sé oibríochtaí a chuireann a chomhpháirtithe i bhfeidhm, is iad sin ná eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna), gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail Gluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg. Is iad na príomhchúraimí atá ar ECHO ná maoiniú a chur ar fáil, a dheimhniú go bhfuil bainistiú fónta á dhéanamh ar airgeadas agus a chinntiú go bhfuil earraí agus seirbhísí a chomhpháirtithe ag dul chomh fada leis na pobail lena mbaineann ar bhealach éifeachtach agus tapa chun freagairt do na fíor-riachtanais.

Tar éis do thubaiste nádúrtha tarlú, nó aon eachtra eile a dteastaíonn cúnamh daonnúil ina leith, déanann saineolaithe ECHO ar chabhair dhaonnúil measúnú tosaigh ar an staid mar atá ar an láthair. Ansin, déantar na cistí a íoc amach go mear ar bhonn an mheasúnaithe seo — seo é an ‘cur chuige bunaithe ar riachtanais’ a shainíonn obair ECHO. Cuirtear cabhair ar fáil trí níos mó ná 200 comhpháirtí a bhfuil comhaontuithe conarthacha *ex ante* sínithe ag ECHO leo. Cinntíonn struchtúr ECHO go n-úsáidtear na cistí go trédhearcach agus go mbíonn na comhpháirtithe freagrach i gcónaí.

In 2019, gheall ECHO EUR 1.6 billiún de chabhair dhaonnúil agus cosaint shibhialta. Léiríonn an méid sin an gealltanas leanúnach ón gCoimisiún Eorpach go rachaidh sé i ngleic leis na riachtanais ollmhóra dhomhanda atá ann atá mar thoradh, den chuid is mó, ar roinnt coimhlintí atá ag dul ar aghaidh le fada agus an 60 milliún duine atá easáitithe go héigeantach ar fud na cruinne. Le blianta beaga anuas, ardaíodh buiséad

daonnúil tosaigh AE go rialta trí aistrithe breise, agus airgead ag teacht go príomha ó Chúlchiste AE um Chabhair Éigeandála agus ath-imscaradh ó línte buiséid eile agus ón gCiste Eorpach Forbraíochta chomh maith.

In 2017, leithdháileadh 46.9% de chistí ECHO ar an Afraic, 37.9% ar an Meánoirthear agus ar thíortha comharsanachta Eorpacha, 6.1% ar an Áise agus ar thíortha an Aigéin Chiúin, 2.7% ar Mheiriceá Láir agus Theas agus ar an Muir Chairib, 1.5% ar thubaistí domhanda agus 4.7% ar oibríochtaí comhlántacha agus ar thacaíocht. Lean mór-idirghabhálacha cabhrach daonnúla ar aghaidh sa tSiria agus sna tíortha in aice léi, sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh i gcoitinne, sa tSaiheil, i gCorn na hAfraice, i bPoblacht na hAfraice Láir, sa tSúdáin Theas, in Éimin agus san Úcráin. I measc na gcásanna éigeandála nua ar theastaigh cúnamh ón Aontas lena n-aghaidh, bhí hairicíní Irma agus Maria, a bhuail an Muir Chairib. Chomh maith leis sin, tá AE ag díriú i gcónaí ar 'ghéarchéimeanna dearmadta' an domhain, ar leithdháileadh 15% de bhuiséad daonnúil tosaigh 2017 orthu.

Tosaíochtaí beartais

Oibríonn ECHO chun a fhreagra ar chásanna éigeandála a fheabhsú agus chun cúnamh a thabhairt do thíortha nach bhfuil san Aontas a gcuid acmhainneachtaí féin a neartú chun dul i ngleic le géarchéimeanna agus chun rannchuidiú le forbairt fhadtéarmach. Tá sé mar chuspóir lárnach ag AE comhordú a dhéanamh ar chabhair dhaonnúil agus ar chabhair um fhorbairt, agus fáinne fí an athraithe aeráide, an ocrais, agus na bochtaineachta a bhriseadh.

Tá gníomhaíochtaí a bhaineann le hullmhacht i gcomhair tubaistí mar chuid den bhéim a chuireann ECHO ar athléimneacht. Is gníomhaire suntasach é AE ó thaobh iarrachtaí an phobail idirnáisiúnta a mhúnlú maidir le bainistiú rioscaí i gcás tubaistí. Tugann an tAontas Eorpach tacaíocht do Chreat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste, a síníodh in 2015. D'eisigh AE a Phlean Gníomhaíochta Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste in 2016. Moltar ann go nglacfaí cur chuige bunaithe ar fheasacht ar rioscaí tubaiste i leith ceapadh beartas agus go ndéanfaí gníomhaíochtaí nithiúla a bhaineann le feasacht ar rioscaí, infheistíochtaí riosca, ullmhacht i gcomhair tubaistí agus athléimneacht. D'eisigh an Coimisiún teachtaireacht maidir le hathléimneacht in 2012, a ndearnadh athbhreithniú uirthi in 2017. Tá sé mar aidhm léi cur chuige straitéiseach i leith athléimneacht a shainiú ar féidir leis cur le tionchar ghníomhaíocht sheachtrach AE.

I bhfianaise líon mór na ndídeanaithe agus na ndaoine easáitithe, ar cásanna fadtréimhseacha iad go minic, thoiligh AE in 2016 cur chuige níos láidre forbairtdírithe i leith easáitiú éigeantais a cheapadh. Cuireann an tAontas níos mó béime ar thacaíocht a thabhairt do chuimsiú socheacnamaíoch daoine atá easáitithe go héigeantach agus aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna an easáitithe fhadtéarmaigh faoi chuimsiú an Chreata Chuimsithigh Freagartha do Dhídeanaithe de chuid Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus rannpháirtíocht an Bhainc Dhomhanda maidir le heasáitiú.

Bhí ról tábhachtach ag an Aontas agus ag na Ballstáit ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla a tionóladh i mí na Bealtaine 2016 in Iostanbúl. Thug AE féin 100 gealltanas chun rannchuidiú leis an 'gClár Oibre don Chine Daonna', a ndearna Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe é a chur i láthair ag an gCruinniú Mullaigh,

agus chun an ‘Margadh Mór’ a chur chun feidhme, socrú nua nuálach idir gníomhairí daonnúla éagsúla chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht airgeadais a mhéadú.

Maidir le lánpháirtiú inscne agus an comhrac in aghaidh foréigean bunaithe ar inscne, leanann siad de bheith ina dtosaíochtaí ag AS ECHO, a thug isteach marcóir inscne maidir le hoibríochtaí cabhrach daonnúla. I gcomhréir leis an ngá atá le tús áite a thabhairt do na grúpaí is leochailí, is réimse fócais eile é tacú le hoideachas leanaí i gcásanna éigeandála.

B. Ionstraimí eile

Tá trí struchtúr breise ar áireamh le cúnamh AE: an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil agus creat dlíthiúil nua chun tacaíocht éigeandála a thabhairt laistigh den Aontas.

— Cruthaithe ar dtús in 2001, tá Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus sé stát rannpháirteacha eile páirteach sa Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta anois: an Mhacadóin Thuaidh, an Íoslainn, Montainéagró, an Iorua, an tSeirbia agus an Tuirc. Déanann an Sásra Aontais forbairt ar shraith uirlisí: (1) soláthraíonn an Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta stór deonach de shócmhainní freagartha réamhgheallta ó na stáit rannpháirteacha agus próiseas struchtúrtha chun bearnaí ó thaobh acmhainneachta de a shainaithint; (2) feidhmíonn an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha (ERCC) mar an croílár oibríochtúil, ag éascú comhordúcháin in idirghabhálacha cosanta 24/7; (3) féachann an Comhchóras Cumarsáide agus Faisnéise Éigeandála (CECIS) le cumarsáid éigeandála a fheabhsú trí fheidhmchlár foláirimh agus fógra gréasáin agus (4) líonra saineolaithe oilte a bheadh ar fáil ar ghearrfhógra. Neartaíodh an Sásra um Chosaint Shibhialta in 2019 trí chruthú rescEU, cúlchiste nua acmhainneachtaí a bhí ag oibriú cheana féin le linn shéasúr dóiteáin foraoise 2019. Táthar ag súil go gcuirfidh sé lena raon feidhme chun go gcumhdófar réimsí eile amhail cásanna éigeandála leighis nó eachtraí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha. Ní úsáidfear é ach amháin i gcás nach bhfuil aon rogha eile ann, nuair atá a chuid acmhainní féin ídithe ag Ballstát agus nach féidir le Ballstáit eile cabhrú leis, mar go bhfuil siad ag dul i ngleic le tubaistí den chineál céanna, mar shampla.

— Beartaíodh an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil in Airteagal 214(5) de Chonradh Liospóin agus bunaíodh é mar an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE i mí an Mhárta 2014. Agus é ag neartú acmhainneacht an Aontais freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla, tá an tionscnamh ceaptha athléimneacht na bpobal is leochailí i dtríú tíortha a fheabhsú. Is é an buiséad atá aige don tréimhse 2014-2020 ná EUR 147.9 milliún.

— Ghlac an Chomhairle rialachán nua maidir le tacaíocht éigeandála san Aontas an 15 Márta 2016 d’fhonn freagairt don chruachás daonnúil atá ann mar thoradh ar an ngéarchéim dídeanaithe. Leis an rialacháin nua tá AE in ann cúnamh a thabhairt don Ghréig agus do na Ballstáit eile lena mbaineann chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais dhaonnúla na ndídeanaithe. D’fhéadaí an rialachán a úsáid amach anseo freisin chun dul i ngleic le géarchéimeanna eisceachtúla nó tubaistí a mbíonn torthaí tromchúiseacha daonnúla ag gabháil leo, amhail timpistí núicléacha nó ionsaithe sceimhlitheoireachta. Tá AS ECHO freagrach as a chur

chun feidhme. Déanfar suas le EUR 643 mhilliún de chistiú AE (tógtha ó línte buiséid le haghaidh beartais náisiúnta agus gan aon iarmhairtí ann don chabhair dhaonnúil i dtríú tíortha) a chur ar fáil trí eagraíochtaí comhpháirtíochta, amhail gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, an Chros Dhearg agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, ó 2016 go 2019.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

I réimse an bheartais maidir le cabhair dhaonnúil, gníomhaíonn an Pharlaimint mar chomhreachtóir leis an gComhairle. I ndáil le bunús dlí an bheartais maidir le cabhair dhaonnúil a mholann an Coimisiún (rialacháin), déantar é sin a chaibidliú leis an gComhairle agus leis an bParlaimint – agus is faoin dá institiúid sin atá sé é a fhormheas (nó gan é a fhormheas), i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach. Déantar bearta cur chun feidhme an Choimisiúin a chur faoi bhráid na Parlaiminte freisin, a bhfuil cumhachtaí formhaoirseachta aici. Sa Pharlaimint, tagann an chabhair dhaonnúil faoi chúram an Choiste um Fhorbairt (DEVE), agus tagann an chosaint shibhialta faoi chúram an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI).

Sa bhreis air sin, déanann an Pharlaimint faireachán ar an gcabhair dhaonnúil atá á tabhairt agus féachann sí lena chinntiú go bhfuil na forálacha buiséadacha ag teacht leis na riachtanais dhaonnúla. Leagann an Pharlaimint béim rialta ar an ngá atá leis an gciste cabhrach daonnúla a mhéadú agus d'éiligh sí go ndúnfaí an bhearna atá ag dul i méid idir gealltanais agus íocaíochtaí.

Tá Coiste DEVE, agus an Pharlaimint go ginearálta — trí thuairimí agus rúin, lena n-áirítear tuarascálacha féintionscnaimh — tar éis féachaint le tionchar a bheith acu ar chinntí straitéiseacha agus ar chlaonadh beartas an Choimisiúin, ar nós rannchuidiú AE leis an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla, oideachas i gcásanna éigeandála agus an fhreagairt don ráig Ebola. Déanann an Pharlaimint athbreithniú ar chlár oibre bliantúil an Choimisiúin agus ar stráitéis oibríochtúil ECHO. Iarrtar go rialta ar an gCoimisinéir um Bainistiú Géarchéime tuairimí a mhalartú le Coiste DEVE. Glacadh 'an Comhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil' in 2007, agus leis sin tugadh freagra nach beag ar na seasaimh dhiongbháilte a bhí glactha ag an bParlaimint. Is gníomhaire láidir í an Pharlaimint ar bheartais ghinearálta eile, amhail athléimneacht, slándáil an tsoláthair bia agus nascadh an chúnaimh dhaonnúil leis an gcúnamh um fhorbairt. D'eagraigh coiste DEVE éisteacht maidir le todhchaí chabhair dhaonnúil AE an 27 Feabhra 2019 agus thug an Coimisinéir Stylianides, réamhtheachtaí an Choimisinéara Lenarčič, aghaidh go deireanach ar an gceist an 30 Meán Fómhair 2019 i gcomhthéacs malartaithe tuairimí faoi na ceachtanna a foghlaimíodh le cúig bliana anuas faoi bheartais AE maidir le cabhair dhaonnúil.

Chun formhaoirseacht na Parlaiminte ar chabhair dhaonnúil a neartú, tá buanrapóirtéir don chabhair dhaonnúil á cheapadh ag Coiste DEVE gach dhá bhliain go leith ó 2006. Is é Norbert Neuser (S&D, an Ghearmáin) an rapóirtéir atá ann faoi láthair. Mar chuid dá shainchúram tá na leasanna maidir leis an mbuiséad cabhrach daonnúla a chosaint, faireachán a dhéanamh ar chláir cabhrach daonnúla agus dlúthchaidreamh

a choinneáil leis an bpobal cabhrach daonnúla. Tá an rapóirtéir freagrach freisin as tuarascáil maidir le cur chun feidhme na hionstraime um chabhair dhaonnúil.

Gonzalo Urbina Treviño
01/2020